Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14613/22**
**ADD 1**

**AGRI 620**
**ENV 1139**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 590 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 590 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 2.

Faoi iamh: COM(2022) 590 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2022
COM(2022) 590 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú**

# Iarscríbhinn 1

## An tábhacht atá le leasacháin maidir leis an tslándáil bia agus an baol ró-úsáid a bhaint astu

**Tá ról tábhachtach ag leasacháin i dtáirgeadh bia.** Deirtear go mbraitheann suas le 50 % de tháirgeadh bia an domhain sa lá atá inniu an ar úsáid leasachán mianrach. Ar an gcaoi chéanna, bíonn tionchar nach beag ag dianúsáid leasachán ar an tsláinte, ar an aeráid agus ar an gcomhshaol.

Nuair a úsáidtear leasachán chun **cothaithigh** a chur san ithir, tagann méadú, laistigh de theorainneacha bitheolaíocha, ar tháirgeadh bithmhaise agus ar an **táirgeacht barr** is féidir a bheith ann, agus cuidíonn sé le dé-ocsaíd charbóin a ghabháil. Ionsúnn plandaí cothaithigh ón ithir agus baineann siad úsáid astu chun fás, rud a ídíonn an ithir. Cuireann leasacháin cothaithigh ar ais san ithir. Is féidir cainníocht níos airde aschuir (i.e. grán, féar etc.) a tháirgeadh ar achar níos lú, rud a chuireann teorainn leis an limistéar talmhaíochta is gá le haghaidh tháirgeadh bia an domhain.

Is féidir le leasacháin a bheith de thionscnamh **mianrach nó orgánach**.

Teastaíonn trí phríomhchothaitheach chun go bhfásfaidh plandaí: **nítrigin (N), fosfar (P), agus potaisiam (K[1]).** Is cothaithigh iad fosfar agus potaisiam a fhaightear i mian agus i gcarraig a bhaintear as mianaigh (leasacháin mhianracha). Is í nítrigin an cothaitheach is mó a úsáidtear, ó thaobh cainníochta de, le haghaidh bharra gránaigh an domhain. Ní mór í a chur ar an talamh go rialta cé gur féidir le feirmeoirí déanamh gan fosfar ná potaisiam a chur ar feadh tréimhse áirithe gan cur isteach go diúltach ar an táirgeacht.

Cé gur deacair cóimheas beacht a bhunú, dá ndéanfaí laghdú neamh-réamhbheartaithe 20 % ar an leasachán nítrigine a úsáidtear chun barr amhail cruithneacht a shaothrú san Aontas, meastar gurbh é laghdú táirgeachta 4-5 % an toradh air sin (ar bhonn an ráta leasúcháin is fearr is féidir)[2].

Teastaíonn a lán fuinnimh chun leasacháin nítrigine sintéisí a tháirgeadh. San Aontas, is iondúil gurb é gás nádúrtha foinse an fhuinnimh sin, rud a úsáidtear mar bhunábhar chun an hidrigin ($H_2$) is gá le haghaidh **leasacháin nítrigine sintéisí a tháirgeadh freisin (agus amóinia ($NH_3$) an táirge idirmheánach)**. Sa phróiseas sin, déantar nítrigin a ghabháil ón aer.

Tagann roinnt **astaíochtaí $CO_2$** ó tháirgeadh leasachán nítrigine. Tarlaíonn sé sin beag beann ar na feabhsuithe leanúnacha ar theicneolaíochtaí laghdaithe, go háirithe ar láithreáin táirgthe an Aontais.

Mura gcuirtear leasacháin ar an talamh i gceart, is féidir suas le 50-60 % den mhéid **cothaitheach** a chuirtear sna goirt a **chailleadh**. Na teorainneacha pláinéadacha a mheastar a bheith sábháilte le haghaidh leasachán, sáraíonn an tAontas Eorpach iad faoi fhachtóir is mó ná 3 i gcás nítrigine agus faoi fhachtóir 2 i gcás fosfair. Baintear ró-úsáid as leasacháin in go

---

[1] Ó *kalium*.

[2] Eascraíonn na sonraí sin ó thrialacha eolaíocha a rinne táirgeoir leasacháin le 15 bliana anuas ar bhonn rátaí nítrigine éagsúla. Ní mór a thabhairt faoi deara go sáraítear an ráta leasúcháin is fearr is féidir i réigiúin áirithe san Eoraip.

leor codanna den Aontas Eorpach agus ní léir an méadú táirgeachta atá air sin. Is ón talmhaíocht a thagann níos mó ná 90 % d'iomlán astaíochtaí **amóinia** (gásaí) an Aontais; Tagann 80 % díobh seo ó aoileach agus 20 % díobh ó leasachán mianrach. Tá **láisteadh leasachán agus rith chun srutha** leasachán, de dheasca ró-úsáide, ina bpríomhchúiseanna le tiúchan iomarcach cothaitheach san ithir agus san uisce, rud is féidir damáiste a dhéanamh d'éiceachórais agus do cháilíocht an uisce. D'fhéadfadh éifeachtaí den sórt sin a theacht ó leasacháin mhianracha agus orgánacha araon, ach le héagsúlacht i dtromchúis na n-éifeachtaí sin (is gnách gur measa na tréithe láiste a bhíonn in aoileach neamhphróiseáilte ná i leasacháin mhianracha). Nuair a sceitheann leasacháin isteach sa timpeallacht spreagann siad táirgeadh **ocsaíde nítriúla** freisin, ar gás ceaptha teasa láidir é.

Is é is sprioc d'**éifeachtúlacht optamaithe úsáide leasachán** an bhearna idir an táirgeacht barr iarbhír agus an táirgeacht barr is fearr is féidir a chúngú, rud a laghdóidh cur amú leasachán agus an dochar don chomhshaol.

Níl sé indéanta sa ghearrthéarma **leasacháin orgánacha**, nach ngineann astaíochtaí nó ar lú na hastaíochtaí a ghineann siad le linn an táirgthe, a chur in áit leasacháin mhianracha ina n-iomláine i bhfianaise na srianta atá ann cheana maidir le slándáil talún agus bia agus i bhfianaise na bpatrún cothaithe atá ann faoi láthair. Is féidir **úsáid i bhfad níos ísle leasachán mianrach allmhairithe agus spleáchas orthu i bhfad níos ísle** a bhaint amach, áfach, trí chineálacha cur chuige an gheilleagair chiorclaigh a úsáid agus a mhéadú, amhail cothaithigh a athchúrsáil ó fhuíolluisce agus ó bhithdhramhaíl eile (amhail dramhaíl ghlas mhúirínithe ó theaghlaigh) nó trí aoileach próiseáilte a úsáid chun feabhas a chur ar thréithe rith chun srutha. Mar shampla, tá rialacha ann maidir leis na híosrátaí athúsáide agus athchúrsála maidir le fosfar agus nítrigin ó shloda, a mhol an Coimisiún sa Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[3].

Chun úsáid iomarcach leasachán a laghdú, tá sé fíor-riachtanach éifeachtúlacht úsáide nítrigine ar an bhfeirm a mhéadú trí fheabhas a chur ar chleachtais feirmeoireachta agus ar fhaisnéis faoi ithreacha, trí leas a bhaint as an bhfeirmeoireacht bheacht agus trí bhearta chun truailliú a chosc agus a laghdú sna Cláir Ghníomhaíochta maidir le Níotráití a fhorfheidhmiú, agus rannchuideoidh an méid sin le caillteanais sa chomhshaol a laghdú agus le feabhas a chur ar choinneáil cothaitheach. Rud atá chomh fíor-riachtanach céanna is ea méadú ar an tacaíocht don bhfeirmeoireacht orgánach, le barra a shaothrú ar lú na riachtanais nítrigine atá acu nó a fhosaíonn nítrigin ón aer agus ar an mbealach sin a chothaíonn an ithir. Leis na cineálacha cur chuige sin uile, tá an seans ann go gcuirfear comhthairbhí comhshaoil, aeráide agus eacnamaíocha ar bun agus go neartófar neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais. Ba cheart dlús a chur le beartais agus bearta a thacaíonn leis na cineálacha cur chuige sin chun feabhas a chur ar athléimneacht an Aontais agus a shlándáil bia.

[3] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh.

# Iarscríbhinn 2

## Staid na margaí leasachán san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain

Tá níos mó ná 120 láithreán táirgthe ag **tionscal leasachán na hEorpa** atá scaipthe ar fud fhormhór na mBallstát, ar léiriú é ar a ról straitéiseach i ndáil le slándáil bia. Bhí 61 000 duine ag obair ann in 2017 agus bhí meánláimhdeachas EUR 23.3 billiún aige in 2017-19.

Ar an meán, ba é 40.2 milliún tona **táirgeadh iomlán AE27 de tháirgí leasacháin idirmheánacha agus críochnaithe** (2019-2021). Is iad an Ghearmáin, an Pholainn, an Fhrainc agus an Spáinn na príomhtháirgeoirí i dtéarma luacha. Anuas ar tháirgí leasacháin mhianraigh a tháirgeadh, tháirg monarchana AE27 12.2 milliún tona amóinia, a úsáidtear go príomha chun leasacháin a tháirgeadh ach a úsáidtear i dtionscail eile freisin, amhail le haghaidh ceimiceán. Úsáidtear leacht sceite díosail, a tháirgtear ó amóinia, mar imoibrí chun truailliú san aer ó sceitheadh díosail a laghdú agus tá sé ríthábhachtach do shlabhraí soláthair ós rud é go n-úsáidtear trucailí chun críoch iompair. Is seachtháirge tábhachtach de tháirgeadh amóinia é dé-ocsaíd charbóin[4].

Tábla 1: Táirgeadh an Aontais de tháirgí leasacháin idirmheánacha agus críochnaithe (1 000 tona)


| **Fertiliser Production in EU** | 2019 | 2020 | 2021 | **Average 2019-2021** |
|---|---|---|---|---|
| Nitrogenous (1000 tonnes of N) | 16079 | 17417 | 17974 | **17157** |
| Phosphatic (1000 tonnes of P2O5) | 982 | 1015 | 1182 | **1060** |
| Potassic (1000 tonnes of K2O) | 6248 | 3911 | 2210 | **4123** |
| Mixed fertilisers with 2 or 3 nutrients (1000 tonnes of product) | 17033 | 16231 | 20430 | **17898** |
| **Total Production (1000 tonnes)** | **40342** | **38574** | **41796** | **40237** |

Foinse: EUROSTAT Prodcom

Meastar gurbh é 10.3 milliún tona (arna sloinneadh i dtonaí nítrigine) **tomhaltas leasachán nítrigine mianraí** in earnáil na talmhaíochta in AE-27 in 2018. Bhí **tomhaltas leasachán fosfáite mianraí** chomh hard le 1.2 milliún tona in 2018. Bhí tomhaltas leasachán nítrigine sintéisí réasúnta cobhsaí le linn 2000-2018 agus tháinig laghdú ar thomhaltas leasachán fosfair mhianraigh ó thart ar 1.6 milliún tonna in 2000 go 1.2 milliún tona in 2018.

[4] A úsáidtear chun ainmhithe a stiúdadh, feoil a phacáistiú chun cur lena seilfré agus le haghaidh deochanna súilíneacha.

Fíor 1: Úsáid leasachán mianrach san Aontas (milliún tona de chothaithigh)




Foinse: Eurostat


Tá an **trádáil idirnáisiúnta** i leasacháin an-chomhchruinnithe: is iad na cúig onnmhaireoir cothaitheach is mó a rinne 43 % den trádáil dhomhanda in 2020 i gcás nítrigine (N), 76 % i gcás fosfáití (P) agus 83 % i gcás potaise (K). Tá sil-leagain na n-amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh leasachán scaipthe go héagothrom. Tá gach sil-leagan fosfair ar domhan lonnaithe lasmuigh den Eoraip: tá thart ar thrí cheathrú de mhianadóireacht na **carraige fosfáite** roinnte idir an tSín, Maracó, an Araib Shádach, an Rúis, na Stáit Aontaithe agus an Túinéis. 68 % de **shil-leagain potaise** an domhain atá sna sil-leagain sa Bhealarúis, i gCeanada agus sa Rúis.

**D'allmhairigh an tAontas** thart ar 26 mhilliún tona de nítrigin, fosfáit, potais agus leasacháin idirmheánacha in 2021, arbh í an nítrigin an bonn leis an gcion is mó díobh (10.6 milliún tona), i.e. amóinia, úiré, níotráit amóiniam úiré, níotráit amóiniam, etc., potais (3.4 milliún tona), fosfar agus réamhtheachtaithe (6.4 milliún tona) chomh maith le leasacháin chumaisc ina raibh na trí chothaitheach: nítrigin (N), fosfar (P) agus potaisiam (K) (5.6 milliún tona). Maidir le tomhaltas cothaitheach nítrigine, fosfáite agus potaise san Aontas, allmhairí atá i 30 %, 68 % agus 85 % díobh, faoi seach. A mhéid a bhaineann le **fosfáití**, is ó Maracó a thagann 28 % d'allmhairí an Aontais, agus is ón Rúis a thagann 23 % díobh. A mhéid a bhaineann le **potais**, is ón Rúis agus ón mBealarúis[5] a tháinig 64 % d'allmhairí an Aontais[6].

[5] An 24 Meitheamh 2021, d'fhorchuir an tAontas bearta sriantacha ar allmhairiú potaise ón mBealarúis mar fhreagairt ar an ngéarú ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír.

Léiríonn meastacháin le haghaidh 2022 ar bhonn na chéad 8 mí den bhliain gur tháinig laghdú foriomlán thart ar 13 % ar allmhairí leasachán, a bhaineann go bunúsach le potais, fosfáití agus leasacháin chumaisc, agus an tráth céanna, tháinig méadú mór ar allmhairí amóinia agus leasachán nítrigine in 2022 (+ 19 % le haghaidh na chéad 8 mí den bhliain i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2021).

Fíor 2: Allmhairí an Aontais de leasacháin idirmheánacha agus chríochnaithe (milliún tona de tháirgí) – Eanáir go Lúnasa





Foinse: Eurostat -Comext

12.9 milliún tona in aghaidh na bliana a bhí in **onnmhairí leasacháin an Aontais** in 2021, arbh éard a bhí ann go bunúsach leasacháin nítrigine (7.8 milliún tona) agus leasacháin chumaisc (3.6 milliún tona).

Is lú na honnmhairí leasachán mianrach in 2022 (-13 % le haghaidh na chéad 8 mí den bhliain i gcomparáid le 2021).

[6] CE (2020), *Non-critical Raw Materials Factsheets [Bileoga Eolais maidir le hAmhábhair Neamhchriticiúla]*, lch. 412.

Fíor 3: Onnmhairí an Aontais de leasacháin idirmheánacha agus chríochnaithe (milliún tona de tháirgí) – Eanáir go Lúnasa





Foinse: Eurostat -Comext

Is dúshlán d'fheirmeoirí an Aontais iad praghsanna arda luaineacha leasachán. Leasacháin is cúis le **sciar mór de chostais ionchuir na bhfeirmeoirí**, is é sin thart ar 6 % ar an meán le linn 2017-2020 agus 12 % i gcás feirmeoirí sainbharr curaíochta. D'fhéadfadh sé gurbh fhiú d'fheirmeoirí barr curaíochta smaoineamh ar chainníochtaí leasachán is fearr is féidir a úsáid mar gheall ar phraghsanna arda tráchtearraí talmhaíochta gan beann ar phraghsanna arda. Ach **níl cinnteacht ag feirmeoirí faoi phraghsanna barr amach anseo**. Is mó an méadú atá ag teacht ar innéacsanna praghsanna leasachán ná mar atá ar innéacsanna praghsanna tráchtearraí bia, rud a thugann éifeacht an tsiosúir le tuiscint. Is iondúil go gcuireann feirmeoirí stoic leasachán le chéile don chéad séasúr barr eile i rith an tsamhraidh. In 2022, tá siad ag cur moill ar na ceannacháin sin.

Tá borradh i ndiaidh borrtha tar éis teacht ar **phraghsanna domhanda leasachán** ó bhí tús 2021 ann, le buaicphointí idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2021, tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin agus i mí Aibreáin 2022. Tá laghdú beag tagtha orthu ó shin, go háirithe i gcás leasacháin nítrigine agus fosfáite. Taifeadadh méaduithe le déanaí i mí Mheán Fómhair, i gcás úiré go háirithe. I gcomparáid leis an meán sa tréimhse thagartha 2016-2020, tá siad fós ar leibhéil an-ard i mí Mheán Fómhair 2022: + 128 % i gcás fosfáit dé-amóiniam, + 200 % i gcás úiré agus + 141 % le i gcás potaise.

Fíor 4: Praghas domhanda le haghaidh táirgí leasacháin (USD/tona)




Foinse: Sonraí maidir le Praghsanna Tráchtearraí ón mBanc Domhanda

Tá **ionradh na Rúise ar an Úcráin ag imirt tionchar mór ar mhargaí domhanda leasachán**, go háirithe mar gheall ar a spleáiche atá siad ar ghás nádúrtha agus ar shuaitheadh sa mhargadh, lena n-áirítear **srianta ar onnmhairiú** atá á bhforchur ag príomhthíortha táirgthe amhail an Rúis agus an tSín. Is í an Rúis an t-onnmhaireoir leasachán is mó ar domhan, go háirithe i gcás nítrigine, agus an dara honnmhaireoir leasachán fosfáite is tábhachtaí ar domhan. Tá srianta ar onnmhairí leasachán atá á bhforchur ag táirgeoir tábhachtach amhail an Rúis ina gcúis le suaitheadh ar leith i margadh an domhain.

Tá inacmhainneacht leasachán ag dul in olcas ós rud é gur tapúla an méadú atá ag teacht ar phraghsanna leasachán ná mar atá ag teacht ar phraghsanna tráchtearraí talmhaíochta. Roinnt tíortha ar fud an domhain, ní bhíonn siad ag brath ach ar chúpla comhpháirtí trádála le haghaidh a n-allmhairí leasachán agus dá bhrí sin, tá siad ag tabhairt aghaidh ar bhillí allmhairithe leasachán agus costais táirgthe níos airde, rud a dhéanfaidh difear diúltach don táirgeacht. Má leanann praghsanna leasachán de bheith ard sna séasúir phlandála amach anseo, is dócha gcuirfidh an fhadhb isteach ar tháirgeadh ríse freisin, rud a dhéanfaidh difear do thart ar 3 billiún daoine i gCríocha Mheiriceá agus san Áise, arb é rís an príomhbhia dóibh.